An tÚdarás Náisiúnta Iompair

# An Scéim Croíchonair Bus ó Ráth Fearnáin/Teach Mealóg go Lár na Cathrach

## Cinneadh maidir leis an Scagadh Measúnachta Cuí

Tá an tÚdarás Náisiúnta Iompair ("**an tÚdarás**") ag beartú an Scéim Croíchonair Bus ó Ráth Fearnáin/Teach Mealóg go Lár na Cathrach (an "**Scéim Bheartaithe**") a dhéanamh.

Tá an Scéim Bheartaithe thart ar 10 km ar fad ar an iomlán ó cheann ceann ar líne, agus tá aici uasghráduithe breise ar líne agus cóireáil sráideanna ciúine atá thart ar 2 km agus 1.5 km ar fad faoi seach. Beidh an Scéim Bheartaithe comhdhéanta de dhá ailíniú phríomha, eadhon ailíniú ó Theach Mealóg go Tír an Iúir (3.7 km) agus ailíniú ó Ráth Fearnáin go Lár na Cathrach (6.3 km). Pointe tosaithe na coda ó Theach Mealóg go Tír an Iúir is ea Bóthar Thamhlachta/an R137, soir ó mhór-acomhal acomhal 11 den M50. Ón áit sin, tá an Scéim Bheartaithe ródaithe tríd an R137 feadh Bhóthar Thamhlachta agus Bhóthar Theach Mealóg, trí Shráidbhaile Theach Mealóg agus go Crosaire Thír an Iúir, áit a gceanglaíonn sí leis an gcuid ó Ráth Fearnáin go Lár na Cathrach.

Pointe tosaithe na coda ó Ráth Fearnáin go Lár na Cathrach is ea Bóthar na Gráinsí/an R821 ag an acomhal le hAscaill an Gharráin Chnó, agus tá sí ródaithe feadh Bhóthar na Gráinsí/an R821, Bhóthar Ráth Fearnáin/an R115, Bhóthar Ráth Fearnáin/an R114, Bhóthar Thír an Iúir Thoir, Bhóthar Ráth Garbh, Bhóthar Ráth Maonais Íochtarach, Shráid Richmond Theas, Shráid Camden Uachtarach agus Íochtarach agus Shráid Loch Garman chomh fada leis an acomhal leis an R110 ag Sráid Chaoimhín Íochtarach agus Sráid Cuffe, áit a dtagann na lánaí bus tosaíochta chun deiridh. Ó Shráid Cuffe go Sráid an Dáma feadh Chnoc Réamainn, Shráid Aungier agus Shráid Sheoirse Mhór Theas, is ar áireamh leis an mbealach atá lána tráchta agus raon rothar sa dá threo, áit a gceanglaíonn sé leis an gcóras bainistíochta tráchta atá ann cheana i lár na cathrach. De bhreis ar a bhfuil thuas, soláthrófar saoráid mhalartach rothaíochta feadh Bhóthar Chrois Araild/Bhóthar Thír an Iúir Thuaidh idir Crois Thír an Iúir agus Ascaill Radharc na Páirce, agus feadh Ascaill Pháirc na dTor, Pháirc Wasdale, Gharrán Wasdale, Bhóthar Shióin agus Bhóthar Orwell.

Áirítear leis an Scéim Bheartaithe an tosaíocht bus agus na saoráidí rothaíochta atá ann cheana a uasghrádú. Áirítear leis an scéim méadú suntasach i leibhéal na tosaíochta bus feadh na conaire, lena n-áirítear faid bhreise lána bus a sholáthar, rud a chuirfidh feabhas ar iontaofacht agaí turais. Ar fud na Scéime Beartaithe, breiseofar stadanna bus chun feabhas a chur ar an eispéireas foriomlán turais do phaisinéirí bus, agus cuirfear feabhas mór ar shaoráidí rothaíochta trí raonta leithscartha rothar a sholáthar feadh na nasc agus na n-acomhal cosanta, agus comharthaíocht bhreisithe do rothaithe á soláthar ag acomhail.

Tá an Scéim Bheartaithe, lena soláthrófar saoráidí leithscartha rothaíochta, bonneagar tosaíocht bus agus saoráidí níos fearr do choisithe, suite laistigh de limistéir riaracháin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas.

Cheap an tÚdarás Scott Cawley Ltd. chun Tuarascáil maidir le Scagadh Measúnachta Cuí a ullmhú don Scéim Bheartaithe chun breithniú, anailís agus measúnú a dhéanamh ar cé acu is dóigh nó nach dóigh, i bhfianaise an eolais eolaíoch is fearr agus bunaithe ar fhaisnéis oibiachtúil agus ar chuspóirí caomhantais an láithreáin Eorpaigh/na láithreán Eorpach (atá pléite tuilleadh thíos), go mbeidh éifeacht shuntasach ag

an Scéim Bheartaithe ina haonar nó i gcomhcheangal le pleananna nó tionscadail eile ar láithreán Eorpach/láithreáin Eorpacha.

Fuair an tÚdarás an Tuarascáil maidir le Scagadh Measúnachta Cuí agus léigh sé í. Rinne sé breithniú ar a bhfuil inti agus ar na conclúidí agus ar an moladh atá leagtha amach inti. Tar éis dó an méid sin a dhéanamh, comhaontaíonn an tÚdarás leis na conclúidí agus leis na moltaí atá leagtha amach sa Tuarascáil maidir le Scagadh Measúnachta Cuí.

<u>**Cinneadh maidir leis an Scagadh Measúnachta Cuí**</u>

Chinn an tÚdarás gur gá Measúnacht Chuí a dhéanamh ar an Scéim Bheartaithe toisc gurb amhlaidh, i bhfianaise an eolais eolaíoch is fearr agus bunaithe ar fhaisnéis eolaíoch oibiachtúil, nach féidir leis an Údarás, tar éis dó scagadh a dhéanamh, neamhaird a thabhairt ar an bhfíoras go dtarlóidh sé, in éagmais maolaithe, go mbeidh éifeacht shuntasach ag an Scéim Bheartaithe ina haonar nó i gcomhcheangal le pleananna nó tionscadail eile ar na 17 Láithreán Eorpacha seo a leanas (Cúig Limistéar Caomhantais Speisialta agus 12 Limistéar Cosanta Speisialta) i bhfianaise chuspóirí caomhantais na láithreán sin:-

1. **Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan Bhaile Átha Cliath Thuaidh**
2. **Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan Bhaile Átha Cliath Theas**
3. **Limistéar Caomhantais Speisialta Shléibhte Chill Mhantáin**
4. **An Limistéar Caomhantais Speisialta idir Cloch Dábhiolla agus Oileán Dheilginse**
5. **Limistéar Caomhantais Speisialta Reachrann**
6. **Limistéar Cosanta Speisialta Chósta Cheann Bhinn Éadair**
7. **Limistéar Cosanta Speisialta Oileán an Bhulla**
8. **Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus na Tulchann**
9. **Limistéar Cosanta Speisialta Oileáin Dheilginse**
10. **Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Mhullach Íde**
11. **Limistéar Cosanta Speisialta Chuan Bhaile Dúill**
12. **Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Bhaile Roiséir**
13. **Limistéar Cosanta Speisialta Oileáin na Sceirí**
14. **Limistéar Cosanta Speisialta Inis Mac Neasáin**
15. **Limistéar Cosanta Speisialta Reachrann**
16. **Limistéar Cosanta Speisialta Chloch Dábhiolla agus**
17. **Limistéar Cosanta Speisialta na Muirí**

Rinne an tÚdarás an cinneadh sin tar éis breithniú a dhéanamh ar an timpeallacht éiceolaíoch bhonnlíne agus ar mhéid agus saintréithe na Scéime Beartaithe agus tar éis na tionchair fhéideartha seo a leanas a shainaithint, ar tionchair iad a bhféadfadh éifeachtaí suntasacha is dóigh ar Láithreáin Eorpacha teacht astu:

- Caillteanas agus Scoilteadh Gnáthóige

- Díghrádú gnáthóige/éifeachtaí ar speicis is leasanna cáilitheacha/leasanna caomhantais speisialta mar thoradh ar thionchair hidreolaíocha;
- Díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair hidrigeolaíocha;
- Díghrádú gnáthóige mar thoradh ar speicis ionracha neamhdhúchasacha a thabhairt isteach/a leathadh;
- Díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair aercháiliochta; agus,
- Tionchair cur isteach agus dhíláithriúcháin.

Tá tuilleadh mionsonraí tugtha thíos faoi gach ceann de na tionchair fhéideartha a sainaithníodh.

**<u>Caillteanas agus Scoilteadh Gnáthóige</u>**

1 Ní fhorluíonn an Scéim Bheartaithe ar aon láithreáin Eorpacha. Is é Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus na Tulchann an láithreán Eorpach is cóngaraí don Scéim Bheartaithe. Tá sé lonnaithe thart ar 900 m ar shiúl, agus nasc hidreolaíoch síos an abhainn ón Scéim Bheartaithe aige. Dá bhrí sin, níl aon fhéidearthacht ann go dtiocfadh caillteanas agus scoilteadh díreach gnáthóige chun cinn. D'fhéadfadh go dtiocfadh caillteanas gnáthóige chun cinn go hindíreach mar thoradh ar dhian-díghrádú gnáthóige a eascróidh as laghdú i gcáilíocht an uisce agus/nó as athrú ar an gcóras hidreolaíoch, mar atá tuairiscithe sa rannán thíos.

2 Maidir le speicis is Leasanna Caomhantais Speisialta ar ainmníodh Limistéir Chosanta Speisialta i gcomharsanacht na Scéime Beartaithe ina leith, is eol go mbaineann siad úsáid as láithreáin bheathaithe ex situ i limistéar Bhaile Átha Cliath (i.e., Limistéar Cosanta Speisialta Oileán an Bhulla, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus na Tulchann, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Mhullach Íde, Limistéar Cosanta Speisialta Chuan Bhaile Dúill, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Bhaile Roiséir, Limistéar Cosanta Speisialta Oileáin na Sceirí, Limistéar Cosanta Speisialta Inis Mac Neasáin, Limistéar Cosanta Speisialta Reachrann agus Limistéar Cosanta Speisialta na Muirí). Mar thoradh ar an Scéim Bheartaithe, ní chaillfear go sealadach ná go buan láithreáin intíre laistigh d'achar na Scéime Beartaithe atá oiriúnach do thacú le faoileáin ghoir agus le speicis éan geimhrithe. Ós rud é nár taifeadadh ach líon beag éan le linn an dá shéasúr suirbhéireachta (2020/2021 agus 2021/2022) ar láithreáin fhéideartha bheathaithe intíre atá díreach tadhlach leis an Scéim Bheartaithe, agus de bharr an ghanntanais taifead ar an gcadhan geal ar na láithreáin sin, ní mheastar iad a bheith ina n-acmhainn shuntasach sealgaireachta intíre. Dá bhrí sin, ní fhéadfadh aon tionchair a bheith ann ar speicis is leasanna caomhantais speisialta de chuid Limistéar Cosanta Speisialta mar thoradh ar chaillteanas/scoilteadh gnáthóige.

**<u>Díghrádú Gnáthóige/Éifeachtaí ar Speicis is Leasanna Cáilitheacha/Leasanna Caomhantais Speisialta mar Thoradh ar Thionchair Hidreolaíocha</u>**

Tá an Scéim Bheartaithe nasctha go hidreolaíoch le Cuan Bhaile Átha Cliath tríothu seo: An Dothra_50, Sruth na Grúdlainne_010, Sruth Chill na Gráinsí_010, Sruth Charraig Mhaighin_010, Abhainn Sheangánaí_010, An Deargail_040, Muir Éireann Thiar Theas – Cuan Chill Iníon Léinín, agus Ionad Cóireála Fuíolluisce na Rinne.

Maidir le rith féideartha uisce éillithe dromchla chun srutha agus/nó eachtra doirte nó truaillithe de thaisme isteach in aon ghnéithe uisce dromchla le linn na tógála, nó le linn oibríochtaí, d'fhéadfadh siad difear a dhéanamh do cháilíocht an uisce sa timpeallacht uisceach glactha. D'fhéadfadh na nithe seo a

leanas a bheith i gceist le heachtra truaillithe den sórt sin: scaoileadh dríodair isteach in uiscí glactha agus méadú iarmhartach i solaid shlógtha chrochta; agus doirteadh agus/nó ligean éilleán de thaisme isteach in uiscí glactha. Ba cheart a thabhairt faoi deara go mbeadh eachtra nó eachtraí an-substaintiúil ag teastáil chun cainníochtaí den sórt sin a ghiniúint, rud nach dóigh dó tarlú.

D'fhéadfaí na héifeachtaí a bhaineann le laghdú i gcáilíocht an uisce dromchla a bhrath píosa maith síos an abhainn ón bpointe scaoilte nó ó láthair na heachtra truaillithe de thaisme agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh siad difear a dhéanamh do na dobharlaigh síos an abhainn, i.e., i gCuan Bhaile Átha Cliath agus in áiteanna níos faide anonn, lena n-áirítear na láithreáin Eorpacha seo a leanas: Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan Bhaile Átha Cliath Theas, Limistéar Caomhantais Speisialta Cheann Ráth Fearnáin/Theach Mealóg, an Limistéar Caomhantais Speisialta idir Cloch Dábhiolla agus Oileán Dheilginse, Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan Bhaile Átha Cliath Thuaidh, Limistéar Caomhantais Speisialta Shléibhte Chill Mhantáin, Limistéar Caomhantais Speisialta Cheann Bhinn Éadair, Limistéar Caomhantais Speisialta Reachrann, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus na Tulchann, Limistéar Cosanta Speisialta Oileáin Dheilginse, Limistéar Cosanta Speisialta Oileán an Bhulla, Limistéar Cosanta Speisialta Chuan Bhaile Dúill, Limistéar Cosanta Speisialta na Muirí, Limistéar Cosanta Speisialta Chósta Cheann Bhinn Éadair, Limistéar Cosanta Speisialta Inis Mac Neasáin, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Mhullach Íde, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Bhaile Roiséir, Limistéar Cosanta Speisialta Reachrann, Limistéar Cosanta Speisialta Oileáin na Sceirí agus Limistéar Cosanta Speisialta Chloch Dábhiolla. Is é an toradh a d'fhéadfadh a bheith ar an laghdú sin i gcáilíocht an uisce (ina aonar nó i gcomhcheangal le brúnna eile ar cháilíocht an uisce) ná díghrádú gnáthóg íogair atá i láthair laistigh de láithreáin Eorpacha síos an abhainn, rud a dhéanfadh difear diúltach do na speicis is leasanna cáilitheacha do na speicis éan is leasanna caomhantais speisialta a théann ar thóir foráiste agus/nó ar an bhfara ar na gnáthóga sin. D'fhéadfadh sé difear diúltach a dhéanamh freisin do chainníocht agus cáilíocht na creiche atá ar fáil do speicis éan is Leasanna Caomhantais Speisialta agus do speicis is Leasanna Cáilitheacha. D'fhéadfadh na tionchair sin teacht aníos go méid chomh mór sin go bhféadfadh go mbainfí an bonn ó na cuspóirí caomhantais atá acu seo: Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan Bhaile Átha Cliath Theas, Limistéar Caomhantais Speisialta Cheann Ráth Fearnáin/Theach Mealóg, an Limistéar Caomhantais Speisialta idir Cloch Dábhiolla agus Oileán Dheilginse, Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan Bhaile Átha Cliath Thuaidh, Limistéar Caomhantais Speisialta Shléibhte Chill Mhantáin, Limistéar Caomhantais Speisialta Cheann Bhinn Éadair, Limistéar Caomhantais Speisialta Reachrann, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus na Tulchann, Limistéar Cosanta Speisialta Oileáin Dheilginse, Limistéar Cosanta Speisialta Oileán an Bhulla, Limistéar Cosanta Speisialta Chuan Bhaile Dúill, Limistéar Cosanta Speisialta na Muirí, Limistéar Cosanta Speisialta Chósta Cheann Bhinn Éadair, Limistéar Cosanta Speisialta Inis Mac Neasáin, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Mhullach Íde, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Bhaile Roiséir, Limistéar Cosanta Speisialta Reachrann, Limistéar Cosanta Speisialta Oileáin na Sceirí agus Limistéar Cosanta Speisialta Chloch Dábhiolla.

Sa chás is measa agus in éagmais aon bheart maolaithe, is amhlaidh, maidir le rith uisce éillithe dromchla chun srutha agus/nó eachtra doirte nó truaillithe de thaisme isteach in aon ghnéithe uisce dromchla le linn na tógála, nó le linn oibríochtaí, a d'fhéadfadh siad difear a dhéanamh freisin do speicis ghluaisteacha éan is leasanna caomhantais speisialta agus do speicis mamach is leasanna cáilitheacha a dhéanann comaitéireacht, a théann ar thóir foráiste agus a ligeann a scíth ag Cuan Bhaile Átha Cliath i.e., éin a bhaineann le Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus na Tulchann, Limistéar Cosanta Speisialta Oileáin Dheilginse, Limistéar Cosanta Speisialta Oileán an Bhulla, Limistéar Cosanta Speisialta Chuan Bhaile Dúill, Limistéar Cosanta Speisialta na Muirí, Limistéar Cosanta Speisialta Chósta Cheann Bhinn Éadair, Limistéar Cosanta Speisialta Inis Mac Neasáin, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Mhullach Íde, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Bhaile Roiséir, Limistéar Cosanta Speisialta Reachrann, Limistéar Cosanta Speisialta Oileáin na Sceirí agus Limistéar Cosanta Speisialta Chloch Dábhiolla, mamaigh mhuirí a bhaineann leis an Limistéar Caomhantais Speisialta idir Cloch Dábhiolla agus Oileán Dheilginse, agus madraí uisce a bhaineann le Limistéar Caomhantais Speisialta Shléibhte Chill Mhantáin. Is é an toradh a d'fhéadfadh a bheith ar an laghdú féideartha sin i gcáilíocht an uisce (ina aonar nó i gcomhcheangal le brúnna eile ar cháilíocht an uisce) ná díghrádú gnáthóg íogair atá i láthair laistigh

de láithreáin Eorpacha síos an abhainn, rud a dhéanfadh difear diúltach do na speicis éan is leasanna caomhantais speisialta a théann ar thóir foráiste agus/nó ar an bhfara ar na gnáthóga sin. D'fhéadfadh sé difear diúltach a dhéanamh do chainníocht agus cáilíocht na creiche atá ar fáil do phobail is leasanna caomhantais speisialta agus is leasanna cáilitheacha freisin.

Is os cionn na líne barr láin a luíonn na gnáthóga is leasanna cáilitheacha a bhfuil Limistéar Caomhantais Speisialta Cheann Ráth Fearnáin/Theach Mealóg agus Limistéar Caomhantais Speisialta Cheann Bhinn Éadair ainmnithe ina leith (i.e., aillte mara fásta [1230] agus fraochmhánna tirime Eorpacha [4030]). Ní mheastar truailliú a bheith ina bhagairt ná ina bhrú a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar láithreáin na Limistéar Caomhantais Speisialta sin (an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra 2013k; an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra 2013l) agus ní mheastar é a bheith ina bhagairt shuntasach ná ina bhrú suntasach ar an ngnáthóg sin ar an leibhéal náisiúnta (Barron et al., 2011). Dá bhrí sin, is amhlaidh, maidir leis na gnáthóga is leasanna cáilitheacha i Limistéar Caomhantais Speisialta Cheann Bhinn Éadair agus i Limistéar Caomhantais Speisialta Cheann Ráth Fearnáin/Theach Mealóg, nach mbeidh éifeachtaí ag díghrádú i gcáilíocht an uisce dromchla d'uiscí cósta Chuan Bhaile Átha Cliath orthu, agus ní féidir neamhaird a thabhairt ar éifeachtaí suntasacha ina leith sin.

## Díghrádú Gnáthóige mar Thoradh ar Thionchair Hidrigeolaíocha

D'fhéadfadh go mbeadh tionchar ann ar leibhéil screamhuisce i ngnáthóga atá spleách ar screamhuisce mar thoradh ar chuid d'uiscíoch a bhaint nó mar thoradh ar ghníomhaíochtaí dí-uisciúcháin a bhaineann le tochailtí, rud ar féidir leis leibhéil screamhuisce agus an sreabhadh laistigh den uiscíoch a athrú go sealadach. Mar an gcéanna, d'fhéadfadh slógadh na n-éilleán isteach san uiscíoch, bíodh sé mar gheall ar dhoirteadh de thaisme nó ar chur isteach ar thalamh éillithe le linn tochailt, cáilíocht an screamhuisce laistigh den uiscíoch a laghdú, rud a bheidh mar chúis le héiceachórais talún atá spleách ar screamhuisce agus aon speiceas a d'fhéadfadh siad a chothú a bheith á ndíghrádú.

Maidir leis na huiscígh bhunúsacha, is é atá iontu ná 'uiscíoch buncharraige lena mbaineann tábhacht áitiúil agus nach mbíonn measartha táirgiúil ach amháin i gcriosanna áitiúla', 'drochuiscíoch, a bhíonn neamhtháirgiúil den chuid is mó, seachas i gcriosanna áitiúla' nó 'uiscíoch lena mbaineann tábhacht áitiúil agus nach mbíonn measartha táirgiúil ach amháin i gcriosanna áitiúla'. Tá baint ag na cineálacha sin uiscíoch le tréscaoilteacht íseal, rud a laghdaíonn de réir mar a théann siad níos doimhne. D'fhéadfadh crios éadomhain uachtarach de thréscaoilteacht níos airde a bheith ann sa dornán méadar is airde, agus tá baint aige le conairí sreafa measartha gairid. Dá bhrí sin, is áitiúil a bheidh aon tionchar ar an screamhuisce mar thoradh ar na hoibreacha beartaithe agus ní leathnóidh siad chuig aon ghnáthóga atá spleách ar screamhuisce, a bhfuil gach ceann díobh lonnaithe níos mó ná 1.5 km ar shiúl ó aon obair bheartaithe. Ní mheastar go síneann crios tionchair hidrigeolaíoch neamh-mhaolaithe na Scéime Beartaithe chuig aon éiceachórais talún atá spleách ar screamhuisce atá nasctha le láithreáin Eorpacha. Is iad na speisialtóirí hidrigeolaíochta, ag úsáid dóibh a mbreithiúnas gairmiúil, a chinneann an crios tionchair sin.

Mar achoimre, ní fhéadfadh an Scéim Bheartaithe a bheith ina cúis le díghrádú ghnáthóg na speiceas is Leasanna Cáilitheacha/Leasanna Caomhantais Speisialta de chuid aon láithreáin Eorpaigh mar thoradh ar thionchair hidrigeolaíocha.

## Díghrádú Gnáthóige mar Thoradh ar Speicis Ionracha Neamhdhúchasacha a Thabhairt Isteach/a Leathadh

Is ann do 18 limistéar de speicis plandaí ionracha neamhdhúchasacha (feabhrán capaill, lus na pléisce, agus glúineach bhiorach) atá liostaithe sa Tríú Sceideal a ghabhann le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011, atá i láthair laistigh den Scéim Bheartaithe nó i ndlúthghaireacht di. In éagmais aon mhaolaithe, d'fhéadfadh go leathfadh sé sin nó go dtabharfaí isteach é le linn oibreacha tógála agus/nó gnáthoibreacha cothabhála/bainistíochta i limistéir ghnáthóige talún i láithreáin Eorpacha síos an

abhainn i gCuan Bhaile Átha Cliath agus in áiteanna níos faide anonn (i.e., Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan Bhaile Átha Cliath Theas, Limistéar Caomhantais Speisialta Cheann Ráth Fearnáin/Theach Mealóg, an Limistéar Caomhantais Speisialta idir Cloch Dábhiolla agus Oileán Dheilginse, Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan Bhaile Átha Cliath Thuaidh, Limistéar Caomhantais Speisialta Shléibhte Chill Mhantáin, Limistéar Caomhantais Speisialta Cheann Bhinn Éadair, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus na Tulchann, Limistéar Cosanta Speisialta Oileáin Dheilginse, Limistéar Cosanta Speisialta Oileán an Bhulla, Limistéar Cosanta Speisialta Chuan Bhaile Dúill, Limistéar Cosanta Speisialta na Muirí, Limistéar Cosanta Speisialta Chósta Cheann Bhinn Éadair, Limistéar Cosanta Speisialta Inis Mac Neasáin, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Mhullach Íde, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Bhaile Roiséir, Limistéar Cosanta Speisialta Reachrann, Limistéar Cosanta Speisialta Oileáin na Sceirí agus Limistéar Cosanta Speisialta Chloch Dábhiolla). Mar thoradh ar na speicis ionracha sin a thabhairt isteach i láithreáin Eorpacha síos an abhainn agus/nó ar iad a leathadh chuig na láithreáin sin, d'fhéadfadh go ndíghrádófaí na gnáthóga atá ann cheana, go háirithe gnáthóga cósta nach mbíonn faoi sháile ar bhonn buan nó tráthrialta. D'fhéadfadh go bhfaigheadh na speicis sin an lámh in uachtar ar speicis dhúchasacha eile atá ann, rud a dhéanfadh difear diúltach do chomhdhéanamh, éagsúlacht agus flúirse na speiceas agus d'iomláine struchtúrach fhisiciúil na gnáthóige. Ar an tslí sin, d'fhéadfadh sé sin an bonn a bhaint de chuspóirí caomhantais na láithreán Eorpach sin.

Meastar nach dóigh go bhféadfadh speicis ionracha leathadh chuig láithreáin Eorpacha atá lonnaithe píosa maith ar shiúl ó láithreacha sceite na ndobharlach amhail An Dothra_50, Sruth na Grúdlainne_010, Sruth Chill na Gráinsí_010, Sruth Charraig Mhaighin_010, Abhainn Sheangánaí_010, An Deargail_040, Muir Éireann Thiar Theas - Cuan Chill Iníon Léinín nó Ionad Cóireála Fuíolluisce na Rinne, agus atá scartha ag dobharlach muirí mór (i.e., Limistéar Caomhantais Speisialta Cheann Bhinn Éadair, Limistéar Caomhantais Speisialta Reachrann, Limistéar Cosanta Speisialta Chuan Bhaile Dúill, Limistéar Cosanta Speisialta na Muirí, Limistéar Cosanta Speisialta Chósta Cheann Bhinn Éadair, Limistéar Cosanta Speisialta Inis Mac Neasáin, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Mhullach Íde, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Bhaile Roiséir, Limistéar Cosanta Speisialta Reachrann, Limistéar Cosanta Speisialta Oileáin na Sceirí agus Limistéar Cosanta Speisialta Chloch Dábhiolla).

**Díghrádú Gnáthóige mar Thoradh ar Thionchair Aercháiliochta**

D'fhéadfadh go mbeadh laghdú ann in aercháilíocht i ngarchomharsanacht na n-oibreacha tógála mar thoradh ar shil-leagan deannaigh a bhaineann leis na gníomhaíochtaí tógála sin. Áirítear leis sin laghdú i bhfótaisintéis mar gheall ar phlúchadh plandaí de bharr deannaigh agus mar gheall ar athruithe ceimiceacha in ithreacha, amhail aigéadacht. Ina theannta sin, is féidir le hastaíochtaí ó sceithphíopaí cairr agus le sil-leagan ábhair cháithnínigh agus miotal trom ó innill, ó choscáin agus ó chaitheamh boinn cur le sil-leagan truailleán amhail ocsaídí nítrigine (NOx, NOs), comhdhúile orgánacha so-ghalaithe, ábhar cáithníneach, miotail throma agus amóinia ($NH_4$) i gcomharsanacht carrbhealaigh. Is féidir leis sin difear a dhéanamh do na héiceachórais agus don fhásra atá i láthair, agus tionchar á imirt ar rátaí fáis plandaí agus ar chomhdhéanamh, éagsúlacht agus flúirse speiceas.

D'fhéadfadh an Crios Tionchair neamh-mhaolaithe i leith éifeachtaí aercháilíochta a bhaineann leis an tógáil agus a thiocfaidh as an Scéim Bheartaithe a bheith le sonrú 50 m ar shiúl ó theorainn na Scéime Beartaithe, agus 500 m ar shiúl ó champúin tógála le linn na céime tógála. D'fhéadfadh éifeachtaí aercháilíochta a bhaineann le hastaíochtaí feithiclí agus a thiocfaidh as an Scéim Bheartaithe a bheith le sonrú suas le 200 m ar shiúl ó theorainn na Scéime Beartaithe nó ó bhóithre atreoraithe gaolmhara le linn na bliana tógála agus na céime oibríochtúla. Níl aon láithreáin Eorpacha i láthair laistigh de na faid sin. Is é Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus na Tulchann an láithreán Eorpach is cóngaraí don Scéim Bheartaithe. Tá sé lonnaithe thart ar 900 m ón Scéim Bheartaithe (i líne dhíreach trasna na tíre). Dá bhrí sin, níl sé lonnaithe laistigh de Chrios Tionchair an tionchair fhéideartha sin.

Ós rud é nach bhféadfadh an Scéim Bheartaithe a bheith ina cúis le díghrádú ghnáthóg na speiceas is Leasanna Cáilitheacha/Leasanna Caomhantais Speisialta de chuid aon láithreáin Eorpaigh mar thoradh ar thionchair aercháilíochta, bíodh siad le linn na céime tógála nó le linn na céime oibríochtúla, níl aon fhéidearthacht go dtiocfadh éifeachtaí i gcomhcheangal chun cinn ina leith sin.

**Tionchair Cur Isteach agus Dhíláithriúcháin**

Is é an toradh a d'fhéadfadh a bheith ar mhéadú sealadach agus/nó buan i leibhéil torainn, tonnchreatha agus/nó ghníomhaíocht an duine le linn thógáil na Scéime Beartaithe ná cur isteach ar na speicis fána atá i láthair i gcomharsanacht na Scéime Beartaithe agus/nó na speicis sin a dhíláithriú. I gcás speiceas mamach amhail an madra uisce, ní mheasfaí go mbeadh na héifeachtaí cur isteach le sonrú níos mó ná 150 m ar shiúl1. I gcás éan geimhrithe, ní mheasfaí go mbeadh na héifeachtaí cur isteach le sonrú níos mó ná thart ar 300 m2 ar shiúl toisc gurb amhlaidh, maidir leis na leibhéil torainn a bhaineann le gníomhaíochtaí tógála ginearálta, a thanódh siad gar do leibhéil chúlra ag an bhfad sin. Níl aon láithreáin Eorpacha ann laistigh de chrios tionchair cur isteach na Scéime Beartaithe.

Cé nár taifeadadh aon chomharthaí madra uisce le linn suirbhéanna allamuigh ar an Scéim Bheartaithe, is eol go dtacaíonn an Life (agus a fo-aibhneacha), an Chanáil Mhór, an Dothra, Sruth na Grúdlainne, Abhainn Sheangánaí, Sruth Ráth Michíl agus an Deargail agus Cuan Bhaile Átha Cliath Theas (i.e., sruthchúrsaí atá lonnaithe laistigh de 1 km ón Scéim Bheartaithe) leis an madra uisce, ar speiceas mamach Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn IV é. Is é Limistéar Caomhantais Speisialta Shléibhte Chill Mhantáin an Limistéar Caomhantais Speisialta is gaire don láithreán forbartha beartaithe a bhfuil an madra uisce ainmnithe ina leith. Tá sé lonnaithe thart ar 6.7 km siar ó dheas uaidh, i líne dhíreach trasna na tíre. I dtaighde a rinne Ó Néill et al. (2009) ar iompraíochtaí raonála an mhadra uisce ar abhainnchórais in Éirinn, aimsíodh go raibh raon an mhadra uisce bhaininn 7.5 km ar fad ar an meán agus go raibh raon baile an mhadra uisce fhirinn idir 7 km agus 19 km ar fad. Tá Limistéar Caomhantais Speisialta Shléibhte Chill Mhantáin lonnaithe laistigh de na fo-dhobharcheantair chéanna (An Dothra_SC_010 agus An Deargail_SC_010) is atá an Scéim Bheartaithe. Is eol go gcothaíonn an Life agus a fo-aibhneacha an madra uisce, agus tugtar le tuiscint sa treoir reatha maidir leis an bhfad hidreolaíoch a bhíonn madraí uisce atá cosantach faoina bhfearann ag fánaíocht gurb ionann an t-uasraon fearainn do mhadraí uisce feadh sruthchúrsaí oiriúnacha agus 21 km. Dá bhrí sin, meastar go sealbhaíonn sruthchúrsaí i ngaireacht don Scéim Bheartaithe pobail madraí uisce is leasanna cáilitheacha a bhaineann le Limistéar Caomhantais Speisialta Shléibhte Chill Mhantáin, ós rud é go dtagann an Limistéar Caomhantais Speisialta laistigh de raonta fearainn an mhadra uisce agus go bhfuil sé lonnaithe laistigh den aon fho-dhobharcheantar amháin.

Cé gur féidir go ndéanfaidh mamaigh mhara a bhaineann le láithreáin Eorpacha comaitéireacht agus sealgaireacht laistigh d'Inbhear na Life agus laistigh d'Inbhear na Deargaile Íochtaraí, meastar nach dóigh go mbeidh aon tionchair ann ar na speicis sin mar thoradh ar an Scéim Bheartaithe toisc go bhfuil an taobh thuaidh den Scéim Bheartaithe lonnaithe thart ar 167 m ó dheas ó Inbhear na Life Uachtarach agus toisc go

---

[1] Tá sé sin ag teacht leis an treoir ó Bhonneagar Iompair Éireann (Guidelines for the Treatment of Otters prior to the Construction of National Road Schemes (an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, 2006)). Is fad réamhchúramach é sin, agus is dóigh go maolófar é leis an éifeacht scagtha a bheidh ag an bhfásra agus na foirgnimh mórthimpeall, agus is i bhfad níos lú dáiríre a bheidh crios tionchair an chuir isteach a bhaineann le tógáil.

[2] Maidir leis an tuiscint reatha ar an gcur isteach ar éin uisce gheimhrithe ó thorann a bhaineann le tógáil, tá sí bunaithe ar an taighde a cuireadh i láthair in Cutts *et al.* (2009) agus Wright *et al.* (2010). Maidir leis an torann tógála, ní bheifí ag súil leis go dtiocfadh aon fhreagairt ó éin atá ar thóir foráiste nó ar an bhfara chun cinn mar thoradh ar leibhéil faoi bhun 50 dB. Spreagfadh leibhéil torainn idir 50 dB agus 70 dB éifeacht mheasartha ar éin/leibhéal measartha freagartha ó éin, i.e., éin a bheith ag teacht san airdeall agus roinnt athruithe iompraíochta (e.g., laghdú sa ghníomhaíocht beathaithe), ach bheifí ag súil leis go rachadh siad i dtaithí ar leibhéil torainn laistigh den raon sin. Ba dhóigh gurbh é an toradh a bheadh ar leibhéil torainn os cionn 70 dB ná go mbogfadh éin amach as an gcrios buailte nó go bhfágfadh siad an láithreán go hiomlán. Ag fad thart ar 300 m ar shiúl, is gnách gur faoi bhun 60 dB atá gnáthleibhéil torainn a bhaineann le gníomhaíocht tógála (BS 5228) nó, i bhformhór na gcásanna, tá siad níos cóngaraí don tairseach 50 dB.

bhfuil an taobh theas lonnaithe thart ar XX m soir ó Inbhear na Deargaile, i dtimpeallacht rí-uirbithe agus in áit ar féidir le huisceleibhéil titim go laethúil, rud a laghdaíonn an dóchúlacht go rachaidh mamaigh mhara chomh fada sin suas an abhainn. De bhreis air sin, meastar gur beag atá scála na n-oibreacha atá beartaithe i gcomharsanacht Inbhear na Life agus Inbhear na Deargaile.

Cé nár taifeadadh aon chomharthaí den chruidín le linn suirbhéanna allamuigh ar an Scéim Bheartaithe, is eol go bhfuil an cruidín, ar speiceas éan Iarscríbhinn I é, i láthair sa mhórlimistéar staidéir, go háirithe feadh na Life, na Camóige, na Dothra agus na Canálach Móire. Maidir le haon phobail cruidíní atá i láthair i gcomharsanacht na Scéime Beartaithe, ní mheastar iad a bheith bainteach leis na pobail is leasanna caomhantais speisialta d'aon láithreán Eorpach. In amanna, leathann fearainn an chruidín thar 3 km go 5 km de dhobharcheantar abhann3. Is é Limistéar Cosanta Speisialta na Bóinne agus na hAbhann Duibhe an Limistéar Cosanta Speisialta is gaire a bhfuil an cruidín ainmnithe ina leith. Tá sé lonnaithe i ndobharcheantar leithleach thart ar 39.7 km ar shiúl. Dá bhrí sin, ní bhaineann na cruidíní atá i láthair i gcomharsanacht na Scéime Beartaithe le pobal Limistéar Cosanta Speisialta.

Is ann do roinnt limistéar cosanta speisialta atá ainmnithe do speicis is leasanna caomhantais speisialta arb eol go dtéann siad ar thóir foráiste agus/nó ar an bhfara ag láithreáin intíre, amhail páirceanna imeartha ar fhéarach taitneamhachta (i.e., Limistéar Cosanta Speisialta Oileán an Bhulla, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus na Tulchann, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Mhullach Íde, Limistéar Cosanta Speisialta Chuan Bhaile Dúill, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Bhaile Roiséir, Limistéar Cosanta Speisialta Oileáin na Sceirí, Limistéar Cosanta Speisialta Reachrann, Limistéar Cosanta Speisialta Inis Mac Neasáin agus Limistéar Cosanta Speisialta na Muirí). Taifeadadh cúig cinn de na speicis sin sa staidéar deisce agus áirítear leo an cadhan geal, an pilibín, an sléibhín, an faoileán scadán agus an droimneach beag. Tá láithreáin oiriúnacha foráiste/fara lonnaithe laistigh de chrios tionchair féideartha na Scéime Beartaithe, ar láithreáin iad a mbaineann na speicis éan sin leas astu (Féach Rannán **Error! Reference source not found.** thuas). Dá bhrí sin, tá féidearthacht ann go gcuirfí isteach ar speicis éan is leasanna caomhantais speisialta a bhaineann le pobail na Limistéar Cosanta Speisialta nó go ndíláithreofaí iad mar thoradh ar an Scéim Bheartaithe.

Ainmníodh Limistéar Cosanta Speisialta Shléibhte Chill Mhantáin le haghaidh speicis is leasanna caomhantais speisialta, mar atá peregrine Falco peregrinus agus merlin Falco columbarius. Tá sé lonnaithe thart ar 7.2 km soir ón Scéim Bheartaithe. Is eol go bhfuil an dá speiceas le sonrú sa mhórlimistéar staidéir. Tógtar an chuid is mó de chreach an fhabhcúin ghoirm laistigh de 2 km ón nead agus ní thógtar ach roinnt bheag éan fad is faide ná 6 km ar shiúl (Hardey et al., 2013). Ní heol raon baile an mheirliúin goir ach d'fhéadfaí a mheas go bhfuil sé cosúil le raon baile an fhabhcúin ghoirm, ós rud é go gcosnóidh sé a fhearann neadaithe láithreach (Lusby et al., 2017; Hardey et al., 2013). Mar gheall ar an bhfad idir Limistéar Cosanta Speisialta Shléibhte Chill Mhantáin agus an Scéim Bheartaithe, ní cuid de na pobail is leasanna caomhantais speisialta de Limistéar Cosanta Speisialta Shléibhte Chill Mhantáin iad aon fhabhcúin ghorma agus/nó aon mheirliúin a taifeadadh ina garchomharsanacht. Dá bhrí sin, níl aon fhéidearthacht ann go gcuirfí isteach ar na fabhcúin ghorma agus/nó na meirliúin is leasanna caomhantais speisialta a bhaineann le pobail na Limistéar Cosanta Speisialta nó go ndíláithreofaí iad mar thoradh ar an Scéim Bheartaithe.

**Achoimre**

Maidir leis na tionchair hidreolaíocha, na tionchair ar speicis ionracha neamhdhúchasacha agus na tionchair cur isteach agus dhíláithriúcháin a bhaineann leis an Scéim Bheartaithe, tá acmhainneacht acu difear a dhéanamh don timpeallacht glactha agus, dá bharr sin, do na cuspóirí caomhantais a thacaíonn leis na Leasanna Cáilitheacha/na Leasanna Caomhantais Speisialta de chuid aon láithreáin Eorpaigh/láithreán Eorpach. Dá bhrí sin, ní féidir neamhaird a thabhairt ar an acmhainneacht atá ag an Scéim Bheartaithe éifeachtaí suntasacha a bheith aici ar láithreán Eorpach/láithreán Eorpacha.

---

3 RSPB. Leathanach Gréasáin ar ghor, beathú agus fearann an chruidín. Ar fáil ag: https://www.rspb.org.uk/birds-and-wildlife/wildlife-guides/bird-a-z/kingfisher/breeding-feeding-territory/

Ós rud é gur dóigh go ndéanfaidh an Scéim Bheartaithe inti féin difear do na leasanna cáilitheacha/na leasanna caomhantais speisialta nó na cuspóirí caomhantais atá ag láithreán Eorpach/láithreáin Eorpacha, tá féidearthacht ann freisin go ngníomhódh pleananna nó tionscadail eile i gcomhcheangal léi chun éifeachtaí suntasacha dóchúla a chruthú ar láithreáin Eorpacha.

Maidir le tionchair fhéideartha na Scéime Beartaithe ar an timpeallacht glactha, a gcrios tionchair, agus ar na láithreáin Eorpacha nach féidir neamhaird a thabhairt ar éifeachtaí suntasacha dóchúla ina leith, déantar achoimre orthu i **Error! Reference source not found.** thíos. Le linn measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht go mbeadh éifeacht shuntasach ann ar aon láithreáin Eorpacha mar thoradh ar an Scéim Bheartaithe, ní chuirtear san áireamh aon bhearta atá beartaithe chun éifeachtaí dochracha an tionscadail ar láithreáin Eorpacha a sheachaint nó a laghdú.

**<u>Éifeachtaí i gComhcheangal</u>**

D'fhéadfadh forbairtí atá beartaithe nó atá deonaithe, nó forbairtí a chuirfear chun feidhme faoi raon pleananna úsáid talún nó faoi phleananna eile, a bheith suite laistigh de láithreáin Eorpacha nó a bheith suite laistigh de láthair ina bhféadfadh siad teacht faoi chrios tionchair láithreán Eorpach a thagann freisin faoi chrios tionchair na Scéime Beartaithe.

I measc na bpríomhthionscadal forbartha a bhféadfadh éifeachtaí i gcomhcheangal a bheith acu de bharr a méide, a gcineáil agus/nó a láithreach tá Scéimeanna eile Croíchonairí Bus, uasghráduithe ar an mbonneagar iarnróid nó bonneagar nua iarnróid, agus bonneagar fóntais, lena n-áirítear feabhas beartaithe nó toilithe ar fhóntais uisce.

Maidir leis an acmhainneacht atá ann go dtiocfadh éifeachtaí i gcomhcheangal chun cinn idir na pleananna agus na tionscadail sin agus an Scéim Bheartaithe, tagann sí as na conairí céanna le haghaidh éifeachtaí féideartha, mar atá sainaitheanta thuas don Scéim Bheartaithe (i.e., éifeachtaí hidreolaíocha, éifeachtaí ar speicis ionracha neamhdhúchasacha agus éifeachtaí cur isteach agus díláithriúcháin). Is éifeachtaí iad sin a d'fhéadfadh gníomhú i gcomhcheangal le héifeachtaí agus conairí den chineál céanna a thiocfaidh as na pleananna éagsúla.

Dá bhrí sin, ní féidir an acmhainneacht atá ann go dtiocfadh na héifeachtaí seo a leanas chun cinn i gcomhcheangal le pleananna eile a chur as an áireamh:

- Scoilteadh gnáthóige (mar shampla, láithreáin Eorpacha atá i mbaol caillteanais ghnáthóige ex situ: Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus na Tulchann, Limistéar Cosanta Speisialta Oileán an Bhulla, Limistéar Cosanta Speisialta Chuan Bhaile Dúill, Limistéar Cosanta Speisialta na Muirí, Limistéar Cosanta Speisialta Inis Mac Neasáin, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Mhullach Íde, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Bhaile Roiséir, Limistéar Cosanta Speisialta Reachrann agus Limistéar Cosanta Speisialta Oileáin na Sceirí;
- Díghrádú gnáthóige/éifeachtaí ar speicis is leasanna cáilitheacha/leasanna caomhantais speisialta mar thoradh ar thionchair hidreolaíocha (mar shampla, laghdú i gcáilíocht an uisce i ndobharcheantair a dhraenálann chuig Cuan Bhaile Átha Cliath, rud a dhéanann difear do na cuspóirí caomhantais a thacaíonn le gnáthóga agus speicis uisceacha i Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan Bhaile Átha Cliath Theas, Limistéar Caomhantais Speisialta Cheann Ráth Fearnáin/Theach Mealóg, an Limistéar Caomhantais Speisialta idir Cloch Dábhiolla agus Oileán Dheilginse, Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan Bhaile Átha Cliath Thuaidh, Limistéar Caomhantais Speisialta Shléibhte Chill Mhantáin, Limistéar Caomhantais Speisialta Cheann Bhinn Éadair, Limistéar Caomhantais Speisialta Reachrann, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus na Tulchann, Limistéar Cosanta Speisialta Oileáin Dheilginse, Limistéar Cosanta Speisialta Oileán an Bhulla, Limistéar Cosanta Speisialta Chuan Bhaile Dúill, Limistéar Cosanta Speisialta na Muirí, Limistéar Cosanta Speisialta Chósta Cheann Bhinn Éadair, Limistéar Cosanta Speisialta Inis Mac Neasáin, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Mhullach Íde,

Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Bhaile Roiséir, Limistéar Cosanta Speisialta Reachrann, Limistéar Cosanta Speisialta Oileáin na Sceirí agus Limistéar Cosanta Speisialta Chloch Dábhiolla;

- Díghrádú gnáthóige mar thoradh ar speicis ionracha neamhdhúchasacha a thabhairt isteach/a leathadh sna háiteanna seo: Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan Bhaile Átha Cliath Theas, Limistéar Caomhantais Speisialta Ráth Fearnáin/Theach Mealóg, an Limistéar Caomhantais Speisialta idir Cloch Dábhiolla agus Oileán Dheilginse, Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan Bhaile Átha Cliath Thuaidh, Limistéar Caomhantais Speisialta Shléibhte Chill Mhantáin, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus na Tulchann, Limistéar Cosanta Speisialta Oileáin Dheilginse agus Limistéar Cosanta Speisialta Oileán an Bhulla; agus,
- Tionchair cur isteach agus dhíláithriúcháin (mar shampla, láithreáin bheathaithe intíre ex situ a bhíonn in úsáid ag speicis éan geimhrithe is leasanna caomhantais speisialta laistigh de Chrios Tionchair cur isteach féideartha na Scéime Beartaithe i Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Bhaile Átha Cliath Theas agus na Tulchann, Limistéar Cosanta Speisialta Oileán an Bhulla, Limistéar Cosanta Speisialta Chuan Bhaile Dúill, Limistéar Cosanta Speisialta na Muirí, Limistéar Cosanta Speisialta Inis Mac Neasáin, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Mhullach Íde, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Bhaile Roiséir, Limistéar Cosanta Speisialta Reachrann agus Limistéar Cosanta Speisialta Oileáin na Sceirí)

**<u>Conclúidí an Phróisis Measúnachta Scagtha</u>**

Tar éis scrúdú, anailís agus meastóireacht a dhéanamh ar an bhfaisnéis ábhartha ar fad, i bhfianaise an eolais eolaíoch is fearr, agus trí phrionsabal an réamhchúraim a chur i bhfeidhm, is féidir teacht ar an gconclúid gurb amhlaidh, in éagmais maolaithe, go bhféadfadh an tionscadal ina aonar nó i gcomhcheangal le pleananna agus tionscadail eile éifeachtaí suntasacha a bheith aige ar na láithreáin Eorpacha seo a leanas mar thoradh ar chaillteanas gnáthóige, tionchair hidreolaíocha, tionchair ar speicis ionracha neamhdhúchasacha agus tionchair cur isteach agus dhíláithriúcháin: Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan Bhaile Átha Cliath Theas, Limistéar Caomhantais Speisialta Cheann Ráth Fearnáin/Theach Mealóg, an Limistéar Caomhantais Speisialta idir Cloch Dábhiolla agus Oileán Dheilginse, Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan Bhaile Átha Cliath Thuaidh, Limistéar Caomhantais Speisialta Shléibhte Chill Mhantáin, Limistéar Caomhantais Speisialta Cheann Bhinn Éadair, Limistéar Caomhantais Speisialta Reachrann, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus na Tulchann, Limistéar Cosanta Speisialta Oileáin Dheilginse, Limistéar Cosanta Speisialta Oileán an Bhulla, Limistéar Cosanta Speisialta Chuan Bhaile Dúill, Limistéar Cosanta Speisialta na Muirí, Limistéar Cosanta Speisialta Chósta Cheann Bhinn Éadair, Limistéar Cosanta Speisialta Inis Mac Neasáin, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Mhullach Íde, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Bhaile Roiséir, Limistéar Cosanta Speisialta Reachrann, Limistéar Cosanta Speisialta Oileáin na Sceirí agus Limistéar Cosanta Speisialta Chloch Dábhiolla.

Sular thángthas ar an gconclúid sin, rinneadh breithniú iomlán ar chineál an tionscadail agus ar a chaidreamh féideartha le gach láithreán Eorpach laistigh den chrios tionchair agus ar chuspóirí caomhantais na láithreán sin.

D'iarr an tÚdarás ar Scott Cawley Ltd. Ráiteas Tionchair Natura a ullmhú agus a thabhairt chun críche, rud a chuirfear faoi bhráid an Bhoird Pleanála i gcomhar le hiarratas ar cheadú don Scéim Bheartaithe.

Tá an cinneadh seo ar fáil lena iniúchadh ag Oifigí an Údaráis Náisiúnta Iompair, Dún Scéine, Lána Fhearchair, Baile Átha Cliath 2, D02 WT20, agus ar an suíomh Gréasáin www.busconnects.ie.

Sínithe: Anne Graham

Le haghaidh agus thar ceann Bhord Chlár BusConnects an Údaráis Náisiúnta Iompair

Dátaithe:- [ 1st November 2024